

9 SAINCHEISTEANNA TRASTEORANN

9.1 RÉAMHRÁ

1 Tá tábhacht ag baint le ceist an tionchair thrasteorann dhóchúil shuntasach i gcomhthéacs na forbartha a bheartaítear seo mar tá an fhorbairt seo ina cuid de thionscadal idirnasctha fhoriomlán idir Éire agus Tuaisceart Éireann.

2 Is é Airteagal 7 de Threoir Chomhdhlúite an EIA 2011/92/EU an bonn le haghaidh comhairliúcháin idir Ballstáit maidir le tionchar suntasach dóchúil na forbartha a bheartaítear i stát amháin ar an gcomhshaol i mBallstát eile. Is i ndáil le faisnéis agus comhairliúchán atá an phríomhoibleagáid arna forchur le hAirteagal 7(1):

“I gcás gurb eol do Bhallstát gur dóigh go mbeidh tionchar suntasach ag tionscadal ar an gcomhshaol i mBallstát eile nó i gcás go n-iarrfaidh Ballstát ar dócha go ndéanfar difear suntasach dó amhlaidh, cuirfidh an Ballstát a mbeartaítear go dtabharfar faoin tionscadal ina chríochsa, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an tráth a chuirfead a phobal féin ar an eolas, an méid seo a leanas chuig an mBallstát buailte, inter alia:

(a) cur síos ar an tionscadal, mar aon le haon fhaisnéis atá ar fáil faoina thionchar trasteorann féideartha;

(b) faisnéis faoi chineál an chinnidh a fhéadfar a dhéanamh.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

3 Dá bhrí sin, d'fhéadfaí go mbeadh tionchar ar an gcomhshaol i dTuaisceart Éireann ag baint le tionchar trasteorann féideartha na forbartha a bheartaítear a bheidh suite i gContae na Mí, i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin. Féachtar ar an tionchar trasteorann féideartha sin sa chaibidil seo.

4 Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéantar an tionchar trasteorann ar chomhshaol na hÉireann de bharr thograí Oibreoir Córais Thuaisceart Éireann (SONI) maidir leis an gcuid sin den idirnascaire a bheartaítear a bheidh suite i dTuaisceart Éireann a thuairisciú ar leithligh i Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite ar leith, agus i Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite Breise. Is é NIE a rinne an Ráiteas Timpeallachta sin i ndáil le togra SONI a ullmhú agus a chur faoi bhráid an údaráis iniúil ábhartha maidir leis an iarratas ar chead forbartha i dTuaisceart Éireann.

5 Ina theannta sin, tugann na hiarratasóirí faoi seach faoi deara *Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects*

(*Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórscála Trasteorann*) (Bealtaine 2013) a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach. Sa cháipéis sin, aithníonn an CE i gcás tionscadail mhórscála atá suite go fisiceach i níos mó ná tír amháin (i.e. tionscadail trasteorann) gur dócha go mbeidh tionchar comhshaoil suntasach ar gach tír díobh i gceist agus gurb iomaí páirtí leasmhar a bheidh i gceist leo freisin. Aithníonn an CE freisin go mbíonn tionchar comhshaoil agus socheacnamaíoch ag tionscadail trasteorann a théann thar theorainneacha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Dá bhrí sin, is é cuspóir sonraithe cháipéis an Choimisiúin Eorpaigh treoir a sholáthar maidir leis na forálacha dlíthiúla a bhaineann leis an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a chur i bhfeidhm ar thionscadail trasteorann mhórscála. Rud suntasach is ea go ndéantar “tionscadail trasteorann mhórscála” a shainmhíniú sa treoircháipéis ón gCoimisiún Eorpach mar thionscadail a chuirtear i bhfeidhm in dhá Bhallstát ar a laghad agus ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaoil nó ar dhócha go mbeadh tionchar trasteorann díobhálach suntasach ag baint leo. Tá an sainmhíniú sin bunaithe ar mheascán d’Airteagal 2 de Threoir an EIA agus d’Airteagal 2 de Choinbhinsiún Espoo. Ar deireadh, tá sé sonraithe go sainráite nach mór féachaint ar an treoir i gcomhar le Rialachán AE/347/2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh [rialachán TEN-E] ina leagtar amach líon áirithe ceanglas dlíthiúil atá deartha chun athchóiriú chun éifeachta a dhéanamh ar na nósanna imeachta lena gceadaítear Tionscadail Leasa Choitinn (PCI) an bhonneagair fuinnimh atá ar liosta de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) arna bhunú de bhun an rialacháin. Trí bhíthin Rialachán Tarmiligthe 1391/2013 ón gCoimisiún (a rinneadh an 14 Deireadh Fómhair 2013), liostaíodh “*an t-idirnascaidh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe idir Fearann na Coille (IE) agus Turleenan (UK – Tuaisceart Éireann)*” go sainráite mar PCI (larscríbhinn VII, mír 2.13.1).

- 6 Dá bhrí sin, tá *Comhthuarascáil Chomhshaoil* ullmhaithe ag na hiarratasóirí faoi seach ina gcuimsítear an t-idirnascaire a bheartaítear idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí ar bhealach a dhéanann measúnú ar a thionchar foriomlán agus, go háirithe, ar thionchar trasteorann díobhálach atá carnach agus suntasach, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcur chuige a mholtar sa treoir ón gCoimisiún Eorpach. Cuimsíonn an *Comhthuarascáil Chomhshaoil Imleabhar 4* de na cáipéisí iarratais.

9.1.1 Comhairliúchán Trasteorann

- 7 Mar atá leagtha amach i g**Caibidil 3** den imleabhar seo den EIS, chuathas i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil (Tuaisceart Éireann) (DOENI) mar chuid den ghníomh scópála foirmiúla a rinne an Bord Pleanála, agus chuir gníomhaireachtaí reachtúla eile aighneachtaí faoi bhráid DOENI sa chomhthéacs sin. Bhuail EirGrid le hionadaithe DOENI freisin. Rinneadh measúnú san EIS ar thionchar féideartha ar an gcomhshaoil i dTuaisceart Éireann a sainaitníodh i rith an chomhairliúcháin sin.

9.2 TIONCHAR TRASTEORANN FÉIDEARTHA

9.2.1 Daoine

9.2.1.1 Daonra agus Eacnamaíoch

8 Ní thiocfaidh tionchar trasteorann maidir le déimeagrafaic daonra chun cinn de bharr an tionscadail fhoriomláin, toisc go dtéann tosca nach mbaineann leis an tionscadal seo i gcion air sin.

9 Is dócha go mbainfidh an tionchar geilleagrach i rith chéim na tógála le ceantar na Mí, Mhuineacháin, agus an Chabháin amháin, agus ní mheastar go mbeidh tionchar trasteorann suntasach ar bith ann. Tiocfaidh buntáistí geilleagracha níos forleithne chun cinn de bharr na bhfeabhsúcháin a dhéanfar ar an eangach leictreachais ar oileán na hÉireann, agus beidh na buntáistí sin le sonrú sa dá dhlínse. Mar a luaitear i **gCaibidil 2** den imleabhar seo den EIS, meastar go ndéanfar coigilteas thart ar €20 milliún in 2020 sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM), agus go ndéanfar coigilteas idir €40 milliún agus €60 milliún faoi 2030 nuair a bheidh an t-idirnascaire tógtha. Is tionchar trasteorann dearfach suntasach é sin.

9.2.1.2 Úsáid Talún

10 Tá sé dháileacht talún (uimhreacha tagartha NI_165, NI_173, NI_174, NI_176, NI_177 agus NI_045 & 166) lonnaithe i gContae Ard Mhacha feadh na teorann agus tá siad cóngarach do na pointí trasnaithe teorann ag an Léim Ghearr, Contae Mhuineacháin (feic Fíor 3.2, **Imleabhar 3C – Fíoracha** den EIS). Meastar mar dho-airithe na cineálacha tionchair ón bhforbairt a bheartaítear (túir agus líne lasnairde nó OHL) i gContae Mhuineacháin ar na sé dháileacht talún sin atá lonnaithe i gContae Ard Mhacha (agus ar úsáidí talún na ndáileachtaí sin).

9.2.1.3 Turasóireacht

11 Tá formhór na nithe is díol spéise do thurasóirí is tábhachtaí i dTuaisceart Éireann lonnaithe i gcontaetha atá i bhfad ón bhforbairt a bheartaítear. I measc na ndeich ní is díol spéise do thurasóirí a bhfuil an tóir is mó orthu faoi mar atá sainaitheanta i staitisticí ó Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann (NITB), tá a bhformhór (cúig cinn) lonnaithe i gContae Aontroma, agus tá ceann amháin lonnaithe i ngach ceann de na contaetha seo a leanas: Fear Manach, an Dún, Doire, Tír Eoghain agus Ard Mhacha.

12 I gcás na bpríomhnithe is díol spéise do thurasóirí atá sainaitheanta i gContae Ard Mhacha agus atá lonnaithe laistigh de 5 km ón bhforbairt a bheartaítear, tá siad ar fad lonnaithe i gCathair Ard Mhacha seachas Eamhain Mhacha, séadchomhartha ársa atá lonnaithe 4 km

laistiar de Chathair Ard Mhacha. Níl limistéar na teorann idir Ard Mhacha agus Muineachán ar cheann de réigiúin bhunaithe Fháilte Éireann ná Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, agus ní shainaithnítear ní is díol spéise do thurasóirí ná taitneamhacht shonrach ar bith sa limistéar sin.

- 13 Mar gheall ar an achar mór idir nithe is díol spéise do thurasóirí i dTuaisceart Éireann agus an fhorbairt a bheartaítear, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar chúrsaí turasóireachta ná taitneamhachta i limistéar na teorann idir Ard Mhacha agus Muineachán.

9.2.1.4 EMF

- 14 Cloífidh astuithe EMF le treoirlínte ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ó Radaíocht Neamhianaithe agus ón Aontas Eorpach maidir le nochtadh. Rud eile de, ós rud é go n-imíonn leibhéil réimse leictirigh agus mhaighnéadaigh (EMG) laistigh d'fhad gairid ón OHL, ní thiocfaidh aon tionchar trasteorann suntasach as an bhforbairt a bheartaítear i gContae na Mí, i gContae an Chabháin nó i gContae Mhuineacháin.

9.2.2 Flóra agus Fána

- 15 Ní bheidh tionchar ar bith ar ghnáthóga lonnaithe i dTuaisceart Éireann de bharr oibreacha ar an bhforbairt a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin nó i gContae na Mí. D'fhéadfaí go mbeadh cineálacha áirithe tionchair i gceist maidir le speicis shoghluaiste, ach ní mheastar gur tionchar suntasach a bheadh i gceist. D'fhéadfaí go mbeadh dúichí ar an dá thaobh den teorainn dhlínsiúil ag Broic, ag Madraí uisce agus ag Ialtóga ach níor dhócha go mbeadh tionchar díobhálach suntasach ann do na speicis sin de bharr nádúr na forbartha tarchuir leictreachais a bheartaítear. Ní imreofar tionchar ar bith ar shuíomhanna i dTuaisceart Éireann atá ainmnithe toisc go bhfuil leas caomhantais leo ar leibhéal Eorpach nó ar leibhéal náisiúnta. Is dócha go mbeidh tionchar do-airithe ar ealaí glóracha agus ar speicis shoghluaiste éan eile a bhíonn le fáil ar shuíomhanna ar an dá thaobh den teorainn i dtéarmaí líon na n-éan agus infhaighteacht na suíomhanna beathaithe araon. Tar éis suirbhéanna fairsinge a rinneadh le linn an bhreithmheasa reatha, ní fhacthas eitilt ar bith idir na dlínsí, agus tá na suíomhanna is tábhachtaí sa dá dhlínse lonnaithe i bhfad ó limistéar na teorann. Nuair a chuirtear san áireamh an tírdhreach is coitianta sa chuid thuaidh de limistéar na teorann, níl fáth ar bith go measfaí go mbeadh bealaí rialta eitilte ná taistil ann a mbainfeadh ealaí glóracha nó éin uisce eile úsáid astu (i.e. níl gleannta móra abhann ann etc.). Déanfar bearta maolaithe a chur i bhfeidhm sa dá dhlínse chun an líne lasnairde a dhéanamh níos feiceálaí sna háiteanna sin a meastar an baol is mó a bheith leo, rud a laghdóidh an riosca foriomlán imbhuailte a aithníodh.

9.2.3 Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

- 16 Tá an tionchar ar ithreacha agus ar an ngeolaíocht teoranta do gharchomharsanacht na dtúr a bheartaítear (agus tochailtí agus oibreacha a bhaineann leo). Sna dálaí sin, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil Túir 98-102 lonnaithe i dTuaisceart Éireann agus, sa mhéid a bhaineann leis an mbreithmheas seo, tá Túir 103-107 lonnaithe i gContae Mhuineacháin laistigh de 200 m den teorainn dhlínsiúil.
- 17 Bunaithe ar mheasúnú ar an tionchar atá tuartha, meastar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ar an ngeolaíocht ná ar chúrsaí screamhuisce i dTuaisceart Éireann de bharr oibreacha tochailte ná de bharr oibreacha eile ar shuíomhanna na dtúr a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin nó i gContae na Mí. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh tionchar trasteorann suntasach ar bith ag an bhforbairt a bheartaítear ar ithreacha, ar an ngeolaíocht ná ar an hidrigeolaíocht.

9.2.4 Uisce

- 18 Tá an tionchar ar an gcomhshaol uisce teoranta do gharchomharsanacht na dtúr a bheartaítear (agus tochailtí agus oibreacha a bhaineann leo). Tá cuid den fhorbairt a bheartaítear lonnaithe i gCeantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Banna (IRBD), mar atá sainmhínithe sa Chreat-treoir Uisce (WFD) agus i gCeantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt (Abhainnchóras na hÉirne).
- 19 Tá Túir 98-102 suite i dTuaisceart Éireann cóngarach don teorainn, agus tá Túir 103-107 suite i gContae Mhuineacháin laistigh de 200 m ón teorainn agus laistigh de dhobharcheantar shruthán Chluain Tiobrad. Tá sruthán Chluain Tiobrad ina theorainn sa limistéar idir Túir 103 agus Túir 107, agus ritheann an sruthán isteach sa chuid sin de Dhobharcheantar na Banna atá i dTuaisceart Éireann ag Droichead Ardgonnell, Coillidh Chanannáin, Contae Ard Mhacha, 11 km le sruth. Ritheann Abhainn na hEoghancha agus Abhainn na Cnapaí tríd an gcuid láir den fhorbairt a bheartaítear (idir Túir 131 agus Túir 200) roimh dhul isteach sa chuid sin de Dhobharcheantar na hÉirne atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann lastuaidh de Bhéal Tairbirt, 40 km le sruth ón bhforbairt a bheartaítear.
- 20 Bunaithe ar mheasúnú ar an tionchar atá tuartha, meastar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ar an gcomhshaol uisce dromchla i dTuaisceart Éireann de bharr oibreacha tochailte ná de bharr thógáil nó oibriú na forbartha tarchuir leictreachais i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin nó i gContae na Mí. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh tionchar trasteorann suntasach ar bith ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol uisce dromchla.

9.2.5 Aer

9.2.5.1 Torann agus Creathadh

21 Níltear ag tuar go mbeidh aon tionchar trasteorann suntasach ann a bhaineann le torann agus creathadh. Táthar ag tuar go gcloífidh an tionchar ó chéim na tógála agus ón gcéim oibríoch leis na teorainneacha ábhartha maidir le torann agus creathadh ag na gabhdóirí íogaire is gaire. Cuimsítear le gabhdóirí torann-íogaire tithe, scoileanna, ospidéal, ionaid adhartha, foirgnimh oidhreachta, gnáthóga speisialta, limistéir scéimhe i limistéir úsáide coitinne agus limistéir chiúine ainmnithe. Níl aon cheann de na gabhdóirí íogaire sin lonnaithe i bhfoisceacht 50 m de láthair thúir atá beartaithe i gContae Mhuineacháin, a bhféadfaidh tionchar a bheith aige ar thimpeallacht aon ghabhdóra i dTuaisceart Éireann. Dá réir sin, níltear ag tuar go mbeidh aon tionchar trasteorann suntasach ann.

9.2.5.2 Aer – Aeráid

22 Cuirfidh an líne tharchuir a bheartaítear go dearfach le laghdú ar an tionchar trasteorann ar an aeráid trí éascú a dhéanamh ar laghdú ar astuithe náisiúnta gás ceaptha teasa chun spriocanna astuithe an AE d'Éirinn agus beartas náisiúnta na hÉireann a chomhlíonadh. Tá Éire tiomanta do chur chuige an AE um beartas aeráide agus fuinnimh a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige dul i ngleic leis an athrú aeráide trí na spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach (i.e. laghdú 20% ar gháis cheaptha teasa (GHG) faoi leibhéal 1990, 20% d'ídiú fuinnimh a ghiniúint as spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus laghdú 20% ar úsáid fuinnimh phríomhúil). Is príomh-mhaolú athrú aeráide é sin a sainiúidh i gcáipéis an AE, Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta).

23 Tiocfaidh tionchar diúltach do-airithe ar chaighdeán an aeir thrasteorann chun cinn mar thoradh ar thógáil na líne tarchuir. Laghdófar leibhéal an tionchair le cur chun feidhme na mbeart maolaithe a leagtar amach sa chaibidil seo den EIS agus le cur chun feidhme na mbeart maolaithe a leagtar amach sa Ráiteas Timpeallachta (ES) comhdhlúite agus Aguisín Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a bhaineann le cuid Thuaisceart Éireann den idirnascaire a bheartaítear.

24 In *Ireland's Transboundary Gas Emissions in 2011 (Astuithe Gáis Trasteorann na hÉireann in 2011)* a d'fhoilsigh an EPA i mí Feabhra 2013, tugtar le fios go raibh Éire faoi bhun 3 cinn de na 4 uasteorainn in larscríbhinn 1 do 2010 in 2011, faoin *Treoir um Uasteorainneacha Náisiúnta*

Astuithe (2001/81/CE). Léirítear san aighneacht gur sháraigh Éire a huasteorainn NOx do 2010 le 2.6 cileathonna. Léirítear astuithe gach aon cheann de na ceithre thruailleán in 2011 thíos:

- SO₂ 23.4 cileathonna.
- NO_x 67.6 cileathonna;
- VOC 43.6 cileathonna; agus
- NH₃ 108.7 cileathonna.

25 Má sholáthraítear an ciorcad tarchuir 400 kV, méadófar an fháil ar fhuinneamh in-athnuaite, rud a chuirfidh le tuilleadh laghdaithe ar astuithe SO₂ agus NO_x a bhaineann le giniúint cumhachta breoslaí iontaise díláithrithe agus trí chóras tarchuir éifeachtúil a chur ar fáil.

26 Feiniméan domhanda is ea an t-athrú aeráide agus baineann tionchar ar an aeráid dhomhanda go príomha le leibhéil CO₂ san atmaisféar agus le leibhéil agus astaíochtaí gás ceaptha teasa eile.

9.2.6 An Tírdhreach

27 Beidh tionchar áitiúil trasteorann ann ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de mar thoradh ar an gcuid sin den ailíniú idir Túr 102 (tá an túr iarbhír lonnaithe i dTuaisceart Éireann) agus Túr 110 ós rud é gurb é sin an chuid den fhorbairt a bheartaítear i gContae Mhuineacháin is gaire don teorainn dhlínsiúil le Tuaisceart Éireann.

28 Is ar imeall Limistéar Nádúir Tírdhreacha Dhroimníní Ard Mhacha (LCA 66) a bheidh an tionchar trasteorann seo le brath. Tírdhreach cnocach atá ann ar a ndéantar feirmeoireacht ar an mionchóir agus a bhfuil íogaireacht ard leis. Beidh an fhorbairt tarchuir a bheartaítear ag rith feadh na teorann trí ghleann beag atá iata go maith. Tá Bealach Mhuineacháin lonnaithe feadh na coda theas den ghleann, agus tá bóithre Doohat agus na Croise Báine i dTuaisceart Éireann lonnaithe feadh na coda thuaidh. Tá cairéal suite díreach ó dheas den ghleann ag an Léim Ghearr.

29 Tíocfaidh athrú ar scála nádúr an tírdhreacha áitiúil nuair a thógfáir na túir, mar déanfaidh an fhorbairt a bheartaítear scála nua struchtúir a chur isteach i dtírdhreach atá athraithe ag an duine ina bhfuil tithe, foirgnimh feirme agus bóithre cheana féin. Meastar go mbeidh an t-athrú sin ina thionchar suntasach áitiúil ar nádúr an tírdhreacha.

30 De bharr nádúr iata an ghleanna seo, beidh tionchar suntasach áitiúil ó thaobh amhairc de le sonrú ar radhairc ó dheas ó áiteanna ar bhóithre na Croise Báine agus Doohat i gContae Ard

Mhacha a bhfuil radhairc gan bhac ar an ngleann le feiceáil. Tá an tionchar ó thaobh amhairc de ar radharc gan bhac amháin dá leithéid le feiceáil i bhFíor 9.1 (Fótamontáis 3).

Fótamontáis 3 ag féachaint ó dheas ó Bhóthar na Croise Báine in Ard Mhacha (achar 321 m go dtí an túr is gaire)⁹²

An radharc i láthair na huaire



An radharc a bheartáítear, líne tharchuir san áireamh



Sreangfhráma – léirítear leis an ngorm an méid is féidir a fheiceáil, léirítear leis an dearg an méid atá folaithe ag fásra nó ag topagrafaíocht san idirspás



⁹² Tá fótamontáisí agus sreangfhrámaí lánsála le fáil in Aguisín 11.2, **Aguisíní Imleabhar 3C**, den EIS.

<p>Cúis an roghnaithe: Is ionann an fhótamontáis seo agus radharc oscailte ó Bhóthar na Croise Báine, Ard Mhacha isteach sa ghleann atá comhthreomhar leis an teorainn sa láthair seo.</p>
<p>Tionchar tírdhreacha – Bheadh tionchar suntasach áitiúil ar an ngleann beag seo. Athrófar nádúr an ghleanna má thógtar struchtúir atá ar scála níos mó ná rud ar bith eile sa ghleann, agus beidh tionchar suntasach áitiúil mar thoradh air sin. Tá gaol láidir idir tionchar tírdhreacha agus tionchar amhairc, agus beidh tionchar tírdhreacha níos lú le sonrú in áiteanna níos iata sa ghleann a bhfuil fálta sceach nó crainn iontu.</p>
<p>Tionchar amhairc – Beidh an líne tharchuir le feiceáil ó áiteanna ar Bhóthar na Croise Báine ina bhfuil bearnaí san fhásra cois bóthair. Beidh na túir le feiceáil os comhair cnoc go príomha.</p>

Fíor 9.1: Fótamontáis 3 – ó Bhóthar na Croise Báine, Contae Ard Mhacha

- 31 Ní bheidh tionchar ó thaobh amhairc de le sonrú ó aon amharcphointe eile mar beidh na túir faoi cheilt ag an bhfásra atá idir eatarthu. Bíodh is go bhfuil tionchar suntasach ó thaobh amhairc de le sonrú sa ghleann féin, cuireann an topagrafaíocht teorainn leis an infheictheacht ar cheantar níos forleithne. Trasnóidh an líne tharchuir bóthar áitiúil i gCúil Artrach, a bhfuil cuid de lonnaithe i gContae Ard Mhacha. Is dócha go mbeidh an fhorbairt a bheartaítear le feiceáil ar feadh stráice 500 m nó mar sin sa chuid sin den bhóthar atá lonnaithe i gContae Ard Mhacha.
- 32 Ní bheadh tionchar trasteorann suntasach ann ó thaobh tírdhreacha ná amhairc de níos faide ná 600-800 m ar shiúl ó na túir. Mar sin féin, bheadh codanna de thúir áirithe le feiceáil i bhfad ó shuíomhanna gan bhac suas le 1-1.5 km ón líne tharchuir, go háirithe ó áiteanna ardaithe den tírdhreach.

9.2.7 Sócmhainní Ábhartha

9.2.7.1 Eile

- 33 Beidh tionchar trasteorann dearfach ag baint le líne tharchuir leictreachais ardchumais a sholáthar idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Mar thoradh air sin, tiocfaidh feabhas ar éifeachtúlacht an mhargaidh leictreachais uile-oileáin, áiritheofar soláthar slán leictreachais, agus beifear in ann fuinneamh in-athnuaite breise a nascadh leis an líonra.
- 34 Ní bheidh tionchar trasteorann ar bith ar an mbonneagar gáis i dTuaisceart Éireann de bharr na forbartha a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí. Ina theannta sin, ní bheidh tionchar trasteorann ar bith ar sheirbhísí teileachumarsáide i dTuaisceart Éireann de bharr na forbartha a bheartaítear. Sa chás ina dtrasnaíonn seirbhísí teileachumarsáide an teorainn, rachfar i gcomhairle, de réir mar is gá, leis na soláthraithe seirbhísí roimh aon oibreacha tógála i gcóngar seirbhísí teileachumarsáide atá ann cheana féin.

- 35 Beidh ar an bpríomhchonraitheoir *Plean Bainistíochta um Dhramhaíl Tógála* a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a choinneáil le linn na n-oibreacha tógála d'fhonn dramhaíl tógála a láimhseáil. Tá áiseanna bainistíochta dramhaíola imleora i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí – dá bhrí sin, ní dhéanfar dramhaíl a iompar chuig áiseanna i dTuaisceart Éireann.
- 36 Níl aon aerpháirceanna ceadúnaithe lonnaithe sa Chabhán ná i Muineachán. Faoi mar atá deimhnithe ag Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA), is í Aerpháirc Bhaile Átha Troim, i gContae na Mí, an aerpháirc is gaire don fhorbairt a bheartaítear. Maidir le haerárthaí ag teacht isteach go hAerpháirc Bhaile Átha Troim ó Thuaisceart Éireann, ba cheart go mbeadh píolótaí ar an eolas faoin áit a bhfuil na túir suite agus ba chóir nós imeachta foirmiúil ascnaimh de *'radharc ar phiolóin/cháblaí ag teastáil sula gcuirtear tús le hascnamh'* a thabhairt isteach cé go bhfuil ciumhais shoiléir ann idir barr na dtúr agus an dromchla teorannaithe constaicí in Aerpháirc Bhaile Átha Troim.
- 37 Beidh ar chuideachtaí eitilte balún a bhíonn ag obair i dTuaisceart Éireann a bheith ar an eolas maidir leis an bhforbairt a bheartaítear i limistéir atá gar don teorainn dhlínsiúil. Ní mór do na píolótaí balúin a chur san áireamh mar chuid dá bpleanáil eitilte go bhféadfadh línte tarchuir a bheith sa cheantar seo. Beidh ar na píolótaí balúin na línte tarchuir a chur san áireamh nuair atáthar ag lainseáil agus ag tuirlingt, ach mar a luaigh IAA tá cead ag píolótaí balúin eitilt os cionn línte cumhachta.

9.2.7.2 Trácht

- 38 Suíomh tógála sealadach ar leith a bheidh i ngach láithreán túir go bunúsach, agus beidh rochtain orthu ar bhóthar. Tá láithreacha rochtana sainaitheanta le haghaidh gach suímh, agus sainaitníodh bealaí tarlaithe chuig na láithreacha sin freisin chun ábhair agus pearsanra a thabhairt chun an tsuímh, agus tá na láithreacha sin ar fad lonnaithe in Éirinn. Tá gach bealach sainaitheanta dá leithéid atá gar don teorainn dhlínsiúil lonnaithe i gContae Mhuineacháin, agus ní thrasnaíonn siad an teorainn le Tuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, in ainneoin an chuid ó thuaidh den fhorbairt a bheartaítear a bheith gar don teorainn idir Tuaisceart Éireann agus Éire, ní mheastar go rachaidh na feithiclí a sholáthróidh ábhair chuig na láithreáin trasna na teorann le Tuaisceart Éireann.
- 39 Meastar gurb ón gclós stórála ábhar a bheartaítear i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, a thiocfaidh na hábhair a úsáidfear chun na túir a thógáil. Mar sin féin, d'fhéadfaí roinnt de na hábhair tógála a stórálfar sa chlós stórála ábhar a fháil ó sholáthraithe atá bunaithe i dTuaisceart Éireann. Ar an gcaoi chéanna, ní fios cén áit a bhfuil na hoibrithe tógála ina gcónaí, agus b'fhéidir go dtiocfaidís

chuig an clós stórála le haghaidh ábhar tógála nó chuig suíomhanna tógála ó Thuaisceart Éireann.

- 40 Ní bheadh an trácht a bhaineann le hábhair agus / nó le hoibrithe ag teacht ó Thuaisceart Éireann rómhór agus, dá bhrí sin, meastar nach mbeadh ann ach tionchar tráchta trasteorann fíorbheag ag an bhforbairt a bheartaítear.

9.2.8 Oidhreacht Chultúrtha

- 41 Cuireadh gach suíomh seandálaíochta, ailtireachta agus oidhreachta cultúrtha aitheanta atá liostaithe ar shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) san áireamh leis an mbreithmheas seo ar an tionchar féideartha a bheadh ag an bhforbairt a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin nó i gContae na Mí ar an timpeallacht oidhreachta cultúrtha ghlactha i dTuaisceart Éireann. Cuireadh san áireamh freisin an breithmheas ar thionchar trasteorann féideartha na forbartha a bheartaítear ar thimpeallacht suíomhanna oidhreachta cultúrtha. Cuimsíodh faoin mbreithmheas measúnú ar 'Íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht', agus bunaíodh an breithmheas ar anailís ar na foinse sonraí a luaitear thuas agus ar bhreithniú ar na critéir ar cuireadh síos orthu in Aguisín 14.1.5.1, **Imleabhair 3C** agus **3D** den EIS agus ar bhreithiúnas gairmiúil. Thángthas ar an gconclúid nach mbeidh tionchar fisiceach díreach ar bith ar shuíomhanna seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreachta cultúrtha, ar dhéanamhais, ar shéadchomharthaí ná ar ghnéithe ar eolas atá suite i dTuaisceart Éireann mar thoradh ar thógáil nó ar oibriú na forbartha a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin nó i gContae na Mí. Ní raibh ach aon séadchomhartha seandálaíochta amháin i dTuaisceart Éireann liostaithe ar Thaifead Láithreán agus Séadchomharthaí Thuaisceart Éireann (NISMR) ar shuíomh atá aicmithe mar imfhálú (ARM 023:004) agus atá gar do chuid ar bith den fhorbairt a bheartaítear i gContae Mhuineacháin. Suíomh faoi bhrat crann atá ann atá lonnaithe i gContae Ard Mhacha, tuairim is 197 m ó Thúr 106 i gContae Mhuineacháin, agus cuirtear síos ar an suíomh mar chréfort polagánach ar mhullach beag. Beidh idirléargas ó dheas agus soir ó dheas ón suíomh i gContae Ard Mhacha i dtreo an ailínithe a bheartaítear i gContae Mhuineacháin. Mar sin féin, meastar gur measartha atá íogaireacht an tsuímh i leith tionchair ar an timpeallacht agus gur shubstaintiúil a bheadh méid an tionchair. Measadh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán thionchar trasteorann na forbartha a bheartaítear i gContae Mhuineacháin ar thimpeallacht an tsuímh i dTuaisceart Éireann. Beidh tionchar iarmhartach, a bheidh idir buan, measartha agus diúltach, ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta i rith na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.
- 42 Ní bheidh tionchar ar bith ar an áis oidhreachta cultúrtha atá suite i dTuaisceart Éireann agus nár taifeadadh roimhe seo mar thoradh ar thógáil na forbartha a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin nó i gContae na Mí.

9.3 CONCLÚIDÍ

- 43 Bunaithe ar na measúnuithe a rinne EirGrid agus a chuid comhairleach agus a bhfuil achoimre orthu sa Chaibidil seo, táthar ag tuar go mbeidh an tionchar trasteorann idir do-airithe agus measartha, lasmuigh de thionchar suntasach áitiúil ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de (go sonrach tionchar suntasach áitiúil ar nádúr an tírdhreacha).
- 44 Measadh gur measartha a bheadh suntasacht iomlán thionchar trasteorann na forbartha a bheartaítear i gContae Mhuineacháin ar thimpeallacht suíomh seandálaíochta i dTuaisceart Éireann (suíomh iata NISMR [ARM 023:004]). Beidh tionchar trasteorann iarmhartach, a bheidh idir buan, measartha agus diúltach, ar thimpeallacht an tséadchomhartha seandálaíochta i rith na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.